2025/455

10.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/455 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Márta 2025

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'SatPax® 70/30 IPA' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Nollaig 2021 chuir CSI-Ireland iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, iarratas ar údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach singil ar a dtugtar 'SatPax® 70/30 IPA' de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Fionlainne meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-UG072043-42 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é própán-2-ól an tsubstaint ghníomhach atá in 'SatPax® 70/30 IPA' , substaint a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le cineál táirge 2.

(3) An 5 Eanáir 2024 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 27 Meitheamh 2024 chuir an Ghníomhaireacht faoi bhráid an Choimisiúin an tuairim uaithi [2], an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'SatPax® 70/30 IPA' agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach singil, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach singil é 'SatPax® 70/30 IPA' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 15 Iúil 2024 sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'SatPax® 70/30 IPA' a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
[2] Tuairim ó ECHA an 30 Bealtaine 2024 maidir le húdarú Aontais 'SatPax® 70/30 IPA' (ECHA/BPC/432/2024), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0032869-0000 do CSI-Ireland chun an táirge bithicídeach singil 'SatPax® 70/30 IPA' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 30 Márta 2025 go dtí an 28 Feabhra 2035.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

SatPax® 70/30 IPA

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

Uimhir an údaraithe: EU-0032869-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0032869-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	SatPax® 70/30 IPA SatPax® Choice® 500 Sterile SatPax® Choice® 500 SatPax® 550 Sterile SatPax® 550 SatPax® 550 Low Endotoxin Sterile SatPax® 550 Low Endotoxin SatPax® Choice® 600 Sterile SatPax® Choice® 600 SatPax® 670 Sterile SatPax® 670 SatPax® 670A Sterile SatPax® 670A SatPax® 670-R Sterile SatPax® 670-R SatPax® 3000 Sterile SatPax® 3000 SatPax® Choice® 700 Sterile SatPax® Choice® 700 SatPax® Choice® 900 Sterile SatPax® Choice® 900 SatPax® 1000 Sterile SatPax® 1000 SatPax® S1200 Sterile SatPax® S1200 SatPax® Choice® SuperSorb Sterile SatPax® Choice® SuperSorb SatPax® MicroSeal SuperSorb® Sterile SatPax® MicroSeal SuperSorb® SatPax® Microseal®-VP Sterile SatPax® Microseal®-VP SatPax® Microseal®-VP Low Endotoxin Sterile SatPax® MicroSeal®-VP Low Endotoxin SatPax® ValuSeal-HA® Sterile SatPax® ValuSeal-HA® SatPax® SPSE Sterile SatPax® SPSE SatPax® SPLWSE Sterile SatPax® SPLWSE SatPax® SPSWSE Sterile SatPax® SPSWSE SatPax® ValuSeal® IonX® Sterile SatPax® ValuSeal® IonX®

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	CSI-Ireland
	Seoladh	Block C Ardilaun Court 112-114 St. Stephen's Green D02 TD28 Dublin IE
Uimhir an údaraithe	EU-0032869-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0032869-0000	
Dáta an údaraithe	30 Márta 2025	
Dáta éaga an údaraithe	28 Feabhra 2035	

1.3. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	Berkshire International Ltd
Seoladh an mhonaróra	Unit A, The Apex, Farrier Close NR18 0WF Wymondham Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann
Suíomh na láithreán monaraíochta	Berkshire International Ltd site 1 Techtex, Units 7 & 8, Rhodes Business Park M24 4NE Middleton Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann Berkshire International Ltd site 2 Berkshire Corporation, 6509 Franz Warner Parkway NC 27377 Whitsett Na Stáit Aontaithe Berkshire International Ltd site 3 Berkshire International Ltd. Unit A , The Apex, Farrier Close NR18 0WF Wymondham Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

1.4. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Ineos Solvents Germany GmbH
Seoladh an mhonaróra	Römerstraße 733 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ineos Solvents Germany GmbH site 1 Römerstraße 733 47443 Moers An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an mhonaróra	Exxon Mobil Chemical Europe
Seoladh an mhonaróra	Hermeslaan 2 1831 Machelen An Bheilg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Exxon Mobil Chemical Europe site 1 Exxon Mobil Chemical Plant, 4999 Scenic Highway Louisiana 70897 Baton Rouge Na Stáit Aontaithe

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		substaint ghníomhach	67-63-0	200-661-7	64,7 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Ciarsúr RTU réamhsháithithe le foirmle leachtach (AL)

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	H225: Leacht an-inadhainte agus gal an-inadhainte. H319: Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. H336: D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le codlatacht nó le meadhrán. EUH066: D'fhéadfadh tirimeacht craicinn nó scoilteadh craicinn a bheith mar thoradh ar ilnochtadh.
Ráitis réamhchúraim	P210: Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. Ná caitear tobac. P261: Seachain gala a análú. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P271: Úsáid amuigh faoin aer nó i limistéar dea-aerálaithe amháin. P280: Caith cosaint súile/cosaint aghaidhe. P303+P361+P353: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN (nó le gruaig): Bain díot láithreach na héadaí éillithe go léir. Sruthlaítear an craiceann le huisce [nó glac cithfholcadh]. P304+P340: MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P337+P313: Má mhaireann an greannú súile: Faigh comhairle liachta. P312: Cuir glao ar dochtúir má bhraitheann tú tinn. P403+P235: Stóráil in áit dhea-aeráilte. Coimeád fionnuar é. P405: Stóráil faoi ghlas. P501: Diúscair inneachar i de réir na rialachán áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Achair bheaga dromchla crua a dhífhabhtú trína chuimilt i seomraí glana agus in achair rialaithe dá leithéid laistigh de shuíomhanna déantúsaíochta agus tionsclaíocha (m.sh.: binsí oibre i seomra glan)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: iad uile Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: iad uile
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Achair bheaga dromchla crua a dhífhabhtú trína chuimilt i seomraí glana agus in achair rialaithe dá leithéid laistigh de shuíomhanna déantúsaíochta agus tionsclaíocha (m.sh.: binsí oibre i seomra glan)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: cuimilt Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cuimilt. Forchur díreach anuas ar dhromchlaí le ciarsúr réamhsháithithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta iarratais: 30 - 130 mL / m^2 Airí uainithe: Táirge réidh le húsáid. Úsáid dóthain ciarsúr chun dromchla fliuch a choinneáil ar feadh aga teagmhála de 1 nóiméad. Áirítear i ngach aon chiarsúr 3,0 – 56,3 ml de IPA : uisce 70:30 v/v % tuaslagán (2,1 – 39,4 ml nó 1,6 go 30,9 g substaint ghníomhach). Tá an ráta iarratais ag brath ar an gcineál wipe (féach thíos). 1. 55 % ceallalós / 45 % poileistear ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 9 - 18 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 2 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 6 - 9 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 3 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 4,5 - 6 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 4 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 4 - 4,5 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 5

	ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 3 - 4 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 6 2. 60 % ceallalós / 40 % poileistear ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 9 - 15 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 2 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 5,75 - 9 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 3 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 4,5 - 5,75 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 4 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 3,75 - 4,5 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 5 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 3 - 3,75 ciarsúir chun 0,5 m^2a choinneáil fliuch: 6 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 2 - 3 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 7 3. 100 % polapróipiléin ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 7,5 - 15 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 2 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 5 - 7,5 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 3 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 3,5 - 5 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 4 4. 100 % poileistear ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 16 - 56 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 1 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 8 - 16 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 2 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 7 - 8 ciarsúir chun 0,5 m^2 a choinneáil fliuch: 3 Líon tipiciúil forchur in aghaidh an lae: 10
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	**Ciarsúir Réamhsháithithe – 55 % ceallalós / 45 % poileistear** Ceanastar/tiachóga inathlíonta 60, 75, 100, 125 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 13 × 20, 15 × 23, 30 × 30 Ábhar an tobáin: HDPE (poileitiléin ard-dlúis) Ábhar an chlaibín: PP (polapróipiléin) Púitse 25, 30, 50, 75 nó 100 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 15 × 23, 18 × 20, 23 × 23, 23 × 28, 30 × 30 Ábhar na sraithe seachtraí: PET (poileitiléin teireiftealáit) Ábhar na Sraithe inmheánaí: PE nó LLDPE (poileitiléin nó poileitiléin íseal-dlúis líneach)

	Ciarsúir Réamhsháithithe – 60 % ceallalós / 40 % poileistear Ceanastar/tiachóg inathlíonta 75, 100, 125 nó 150 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 13 × 20, 15 × 23, 30 × 30 Ábhar an tobáin: HDPE Ábhar an chlaibín: PP Púitse 30, 75, 90 nó 100 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 15 × 20, 18 × 20, 23 × 23, 23 × 28, 30 × 30 Ábhar na sraithe seachtraí: PET Ábhar na Sraithe inmheánaí: PE nó LLDPE **Ciarsúir Réamhsháithithe – 100 % polapróipiléin** Ceanastar/tiachóg inathlíonta 50, 75, 100, 125 nó 150 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 15 × 23, 23 × 30 Ábhar an tobáin: HDPE Ábhar an chlaibín: PP Púitse 50, 75, 100 nó 125 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 18 × 28, 23 × 28, 28 × 36 Ábhar na sraithe seachtraí: PET Ábhar na Sraithe inmheánaí: PE nó LLDPE **Ciarsúir Réamhsháithithe – 100 % poileistear** Púitse 20, 25, 30, 50, 75, 100 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 15 × 23, 18 × 20, 23 × 23, 30 × 30 Ábhar na sraithe seachtraí: PET Ábhar na Sraithe inmheánaí: PE nó LLDPE

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Le húsáid ag teocht an tseomra.

Úsáid ach amháin ar dhromchlaí glana.

Bain ciarsúr amháin ón bpaca. Dún an paca.

Fill an ciarsúr faoi cheathair agus athfhill é de réir mar is gá chun úsáid a bhaint as gach uile dhromchla den chiarsúr.

Forchuir an ciarsúr réamhsháithithe díreach anuas ar an dromchla atá lena dhífhabhtú.

Cinntigh go bhfuil an dromchla go hiomlán fliuch.

Níl a thuilleadh cuimilt riachtanach.

Fág aga teagmhála de 1 nóiméad do bhaictéir agus giosta.

Úsáid ciarsúr uair amháin.

Diúscair an ciarsúr díreach tar éis é a úsáid i gcoimeádán dúnta.

Ná measc le glantaigh nó le táirgí eile.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach rannán 5.2

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach rannán 5.3

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach rannán 5.4

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach rannán 5.5

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Achair mhóra dromchla crua a dhífhabhtú trína chuimilt le ciarsúir agus mapa i seomraí glana agus in achair rialaithe dá leithéid laistigh de shuíomhanna déantúsaíochta agus tionsclaíocha (m.sh.: urláir i seomra glan)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: iad uile Ainm eolaíoch: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: iad uile
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh Achair mhóra dromchla crua a dhífhabhtú trína chuimilt le ciarsúir agus mapa i seomraí glana agus in achair rialaithe dá leithéid laistigh de shuíomhanna déantúsaíochta agus tionsclaíocha (m.sh.: urláir i seomra glan)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: mapáil. Ceangail an ciarsúr réamhsháithithe le mapa urláir lena fhorchur anuas ar dhromchlaí
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta iarratais: 17 mL / m^2 Airí uainithe: Táirge réidh le húsáid. Úsáid dóthain ciarsúr chun dromchla fliuch a choinneáil ar feadh aga teagmhála de 1 nóiméad. Áirítear i ngach aon chiarsúr urláir 22,0 – 24,7 ml de IPA : uisce 70:30 v/v % tuaslagán (15,4 - 17,3 ml nó 12,4 – 13,9 g substaint ghníomhach).

	ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 25 ciarsúir chun 25 m² a choinneáil fliuch:17 ml de leacht foirmlithe / ciarsúr: 22 ciarsúir chun 25 m² a choinneáil fliuch: 19 Líon tipiciúil forchur in aghaidh an lae: 1
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	**Ciarsúir Réamhsháithithe – 55 % ceallalós / 45 % poileistear** Púitse 25, 30, 50, 75 ciarsúr Méid an chiarsúir (cm): 23 × 58 Sáithiú an táirge: 60 % Ábhar na sraithe seachtraí: PET Ábhar na Sraithe inmheánaí: PE nó LLDPE

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Le húsáid ag teocht an tseomra.

Úsáid ach amháin ar dhromchlaí glana.

Bain ciarsúr (ciarsúir) ón bpaca. Dún an paca.

Ceangail 4 shraith ar cheann an mhapa agus athfhill nó cas na ciarsúir de réir mar is gá chun dromchla fliuch a choimeád ar feadh aga teagmhála de 1 nóiméad.

Forchuir an ciarsúr díreach anuas ar an dromchla atá lena dhífhabhtú.

Úsáid dóthain ciarsúr chun dromchla fliuch a choinneáil ar feadh aga teagmhála de 1 nóiméad.

Níl a thuilleadh cuimilt riachtanach.

Fág aga teagmhála de 1 nóiméad do bhaictéir agus giosta.

Úsáid ciarsúr uair amháin.

Diúscair an ciarsúr díreach tar éis é a úsáid i gcoimeádán dúnta.

Ná measc le glantaigh nó le táirgí eile.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach rannán 5.2

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach rannán 5.3

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach rannán 5.4

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach rannán 5.5

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE**([1])

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach rannán 4.1.1 agus 4.2.1

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil le súile.

Cinntigh go ndéantar an forchur in limistéir ina bhfuil ráta aeraithe aerú íosta de 20 athrú/uair.

Caitear lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin agus a shásaíonn riachtanais Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a gcoibhéis le linn na céime láimhseála táirge (ábhar na lámhainní lena shainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge).

Tá sé seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíochta eile de chuid an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag fostóirí ar láthair na hoibre.

Féach Cuid 6 le haghaidh faisnéise faoin gcaighdeán EN agus an Treoir ón gComhairle.

Coimeád sa choimeádán bunaidh agus é dúnta go daingean nuair nach mbeidh sé in úsáid. Coinníonn coimeádáin fholmha iarmhar ón táirge agus féadann siad bheith guaiseach. Ná déan an coimeádán a athúsáid.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Treoracha garchabhrach

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid.Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Bearta éigeandála

Má bhí truailliú comhshaoil (séaraigh, uiscebhealaigh, ithir nó aer) mar thoradh ar an táirge cuir é sin in iúl do na húdaráis ábhartha.

Doirteadh beag:

Déan an t-ábhar a húvaráil nó a scuabadh suas agus cuir i gcoimeádán dramhaíola ainmnithe, lipéadaithe. Déan é a dhiúscairt trí chonraitheoir ceadúnaithe diúscartha dramhaíola.

Doirteadh mór:

Cuir stop leis an doirteadh mura bhfuil riosca ann. Bog na coimeádáin ó achar an doirte. Úsáid uirlisí spréach-dhíonach agus trealamh pléascadh-dhíonach. Druid i leith an scaoilte in aghaidh gaoithe. Cuir cosc le hiontráil isteach i séaraigh, ithir, cúrsaí uisce, íoslaigh nó achair chúnga. Déan doirtí a chosc agus a bhailiú le hábhar neamh-indóite, ionsúiteach e.g. gaineamh, ithir, ithir veirmicilíte nó diatomacaíoch agus cuir i gcoimeádán é chun a dhiúscartha de réir rialacháin áitiúla. Déan é a dhiúscairt trí chonraitheoir ceadúnaithe diúscartha dramhaíola. Is féidir le hábhar éillithe ionsúiteach bheith ina ghuais chomh mór leis an táirge doirte.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Is ceart giniúint dramhaíola a sheachaint nó a íoslaghdú pé uair is féidir. Is ceart an táirge seo a dhiúscairt i gcomhréir le riachtanais an chosanta comhshaoil, le reachtaíocht maidir le diúscairt dramhaíola agus aon riachtanais réigiúnacha de chuid an údaráis áitiúil. Déan táirgí barrachais agus neamh-in-athchúrsáilte a dhiúscairt trí chonraitheoir ceadúnaithe diúscartha dramhaíola. Ní ceart dramhaíl a dhiúscairt sa séarach. Ná sruthlaigh ciarsúir síos an leithreas. Ná maothaigh.

Diúscairt pacáistithe:

Is ceart giniúint dramhaíola a sheachaint nó a íoslaghdú pé uair is féidir. Is ceart pacáistiú dramhaíola a athchúrsáil. Ní ceart loscadh nó líonadh talún a mhachnamh ach nuair nach mbíonn an athchúrsáil indéanta. Ní mór an t-ábhar seo agus a choimeádán a dhiúscairt ar bhealach sábháilte. Féadann coimeádáin nó líneálaigh folmha roinnt iarmhar ón táirge a choimeád. Is ceart alcóil iarmharach a fholmhú roimh dhiúscairt an choimeádáin.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil in áit, fhionnuar, tirim, dea-aeraithe sa choimeádán bunaidh.

Coimeád an coimeádán dúnta go docht.

Stóráil ag teocht nach airde ná 40 °C. Cosnaítear ón tsioc é.

Stóráil faoi chosaint ó sholas díreach na gréine.

Seilfré: 2 bhliain

6. **FAISNÉIS EILE**

Tá ciarsúir de cheithre chineál ábhair sa táirge, atá sáithithe le tuaslagán IPA (64.7:35.3 % w/w). Tá na hábhair seo a leanas ann: ceallalós/polaistir (55 %/45 %), ceallalós/polaistir (60 %/40 %), polapróipiléin (100 %), agus polaistir (100 %). Tá méideanna na gciarsúr idir 13 × 20 cm agus 23 × 58 cm. Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe faoi mhéideanna na gciarsúr le fáil faoin teideal "Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta" i gCuid 4.1 agus 4.2.

Bí ar an eolas faoin luach tagartha Eorpach, is é sin 129,28 mg/m^3 don cheimiceán gníomhach própán-2-ól (CAS Uimh.: 67-63-0) a úsáideadh don mheasúnú riosca don táirge seo.

Teidil iomlána na gCaighdeán EN agus na reachtaíochta a luaitear isteach rannán 5.2:

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach.

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE).

Maidir le 'Catagói(í) úsáideoirí' tabhair faoi deara: Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíoch) gairmithe oilte má theastaíonn sin de réir reachtaíochta náisiúnta.

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáid údaraithe.